# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Nollaig 2021

## Fáilte !!!

Fáilte roimh na gasúir nua i Naíonáin Bheaga



Páidí, Emma, Lia, Alannah, Mia, Ruby, Siobhán, Cooper, Cian, Daragh agus Aidan.

Agus fáilte ar ais roimh Otto agus Luca Mac Con Iomaire i Rang a 4 agus Rang a 6!!




## Céad Chomaoineach 11/9/21




Comhghairdeas le Seán, Ríona agus Ruadhán i Rang a 3 a rinne a gCéad Chomaoineach i Séipéal Chill Treasa. Cé nach raibh an scoil in ann a bheith leo ar an lá, bhí lá fíor speisialta acu lena gclann.

## Binse

Ba mhaith linn míle buíochas ó chroí a ghlacadh le beirt thuismitheoir Paul Nevin agus Molly Ó Sé a rinne an binse álainn seo do na gasúir. Tá sé fágtha sa gclós agus tá na gasúir ag baint an-sásamh as !!



## Ag bácáil le glasraí ón polytunnel 16/9/21



Bhí an cúirséad aibí agus réidh le piocadh sa polytunnel. Rinne Rang 1,2 agus 3 búnógaí leis an gcúirséad agus cáis. Bhí siad an-bhlasta ar fad!!

## Buanna bainte amach ag gasúir Scoil Ros a' Mhíl

Bíonn gasúir na scoile gnóthach taobh amuigh den scoil freisin idir clubanna agus gníomhachtaí difriúla. Seo pictiúr a phéinteáil Aoibhinn (R5) ag club ealaíne. Maith thú Aoibhinn!!



## Teachín bheag



Rinne John agus Mairéad Ó Cnáimhín athchoiriú ar an dteachín beag atá sa ghairdín tosaigh. Tá dian, doras agus fuinneoga nua aige chomh maith le madra beag! Tá sé go hálainn !
Míle buíochas libh!

## Lá Mata 20/10/21







Mar chuid de thionscnamh Seachtain Mhata rinne muid Lá Mata sa scoil. Bhí cluichí bunaithe ar uimhreacha agus cruthanna ag na naíonáin. Bhí toraíocht tasice bunaithe ar an mata iomlán a bhí déanta acu ó thús na bliana ag na gasúir níos sine. Bhí an-lá acu agus bhain said an-sult as!



## Oíche Shamhna 22/10/21










Ghléas na gasúir suas d' Oíche Shamhna arís i mbliana. Bhí cultacha an-éagsúla acu idir cailleachaí, puimcíní, púcaí, dragain, sárlaochra is srl! Is breá leo an t-am seo den bhliain !!!

## Seachtain Eolaíochta 6/11/21-10/11/21







Bhí seachtain eolaíochta againn sa scoil. Rinne na gasúir go leor turgnaimh éagsúla le horáistí, le Cóc agus Mentos, le Skittles agus uisce te agus le huibheacha!! Bhain siad an-sult astu!



## Múinteoir Cian




Thug muid cárta agus bronntanas do Mhúinteoir Cian agus é ag pósadh! Guíonn muid gach rath air agus a bhean, Bríd!!!

## Lá Pitseámaí 26/11/21





Bhí Lá Pitseámaí againn sa scoil le bailiúchan a dhéanamh chun dul i dtreo meaisín reatha a fháil do Mairéad Nevin Larkin mar chuid dá clár fisiteiripe. Bhí cóisir bheag,

scannán agus seacláid te ag na gasúir. Bhí an-lá acu!!







## Maisiúcháin

Míle buíochas le chuile dhuine a thug isteach claibíní buidéal. Rinne Linda agus na gasúir maisiúcháin álainn don ghairdín céadfach!



## Siúlóid le Rang Áine

Chuaigh Rang Áine ar siúlóid beag thíos chuig an chéibh. Bhí said ag breathnú ar na báid.



## Fleasc Aidbhinte





Rinne Múinteoir Caroline fleasc Aidbhinte le na gasúir agus las Ruby, an duine is óige sa scoil, an chéad choinneal air. Bhí sé go hálainn. Míle buíochas a Charoline!



## Soilse Nollag RNAG




Bhí jab an-tábhachtach ag duine de ghasúir na scoile!! Fuair Sorcha (R4) cuireadh ó Raidió na Gaeltachta chun soilse na Nollag a lasadh! Bhí uirthi dhul ag an raidío ar lá an stoirm mhór (nuair a bhí chuile dhuine eile in a leaba!) chun na soilse a lasadh agus amhráin a chasadh!! Bhí sí ar an gclár Adhmhaidin. Fair plé di!!!!

## Dráma na Nollag

Bhí Dráma na Nollag diofrúil againn i mbliana. Rinne chuile rang cuid den dráma agus ár míle buíochas le Micheal Paul a rinne an taifead agus le Christina a chur le chéile é!! Beidh sé le feiceáil ar aip na scoile.



## Lá Geansaí na Nollag 17/12/21

Bhí lá Geansaí Nollag againn le panto, seacláid te agus brioscaí. Bhailigh muid €556 idir an dhá lá a bhí againn (agus Lá Pitseámaí). Beidh sé seo ag dul i dtreo maisiín reatha do Mhairéad Nevin Larkin. Míle buíochas!



## Slán le Ethan agus Aidan



Go n-éirí le Ethan agus Aidan agus iad ag tosú scoil nua agus saol nua thíos i gContae an Chláir tar éis na Nollag. Guíonn muid gach rath oraibh !

## Santaí ar an Scoil!!! 21/12/21



Bhí cuairteoir an-speisialta againn sa scoil. Bhí rud éicint an-deas aige do na gasúir uilig!!

*Ag guí Nollaig iontach oraibh!!*

*Foireann na Scoile*

*Athoscailt: 6/1/22*